2023.M50T

2023L067A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Ceol

## Cumadóireacht

## Ardleibhéal

Déardaoin 22 Meitheamh    Tráthnóna 3:15 - 4:45

100 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **dhá** roinn ar an scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn **A** | Cumadóireacht séise | 40 marc | 3 cheist |
| Roinn **B** | Armóin | 60 marc | 3 cheist |

- Freagair mar seo a leanas:

  ◦ ceist amháin as Roinn **A** – Cumadóireacht Séise

  **agus**

  ◦ ceist amháin as Roinn **B** – Armóin

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.

- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh an obair bhreise seo go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scriobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Cumadóireacht Séise | 40 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:

**Ceist 1** Leanúint d'oscailt a thugtar (40 marc)

**nó**

**Ceist 2** Ceol a chur le téacs a thugtar (40 marc)

**nó**

**Ceist 3** Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar (40 marc)

**Ceist 1** **(40 marc)**
**Leanúint d'oscailt a thugtar**

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ cláirnéid

☐ veidhlín

☐ óbó

☐ trumpa

**Sracobair**


Moderato
1
2
3
4
mf

**Ceist 2** **(40 marc)**

**Ceol a chur le téacs a thugtar**

Seo a leanas sliocht as an dán *Dóchas* le Séamus Ó hAodha.

I Márta an tseaca nuair lasann an spéir
Tar éis an cheatha, níl linn gan a réalt.
Do bhí an ród dorcha an bháisteach bhí géar-
Ach féach fém chosa níl linn gan a réalt.

Cuireadh ceol leis an gcéad líne duit.

- Cuir ceol leis na focail eile chun séis 16 bharra a dhéanamh.
  (Tá cead agat níos mó ná an líon barraí seo a bheith ann agus bíodh modhnú san áireamh agat, más mian leat.)
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.

**Sracobair**


Moderato
mf
1
2
3
4
I___ Már - ta an tsea - ca nuair la - sann an spéir

**Ceist 3** **(40 marc)**

**Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar**

Tugtar mír oscailte *gigue* thíos.

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Úsáid an fhoirm $AA^1BB^1$.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ óbó

☐ trumpa

☐ fliúit

☐ veidhlín

**Sracobair**


Moderato
mf

Ná scríobh ar an leathanach seo

| Roinn B | Armóin | 60 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:


| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 4** | Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 5** | Dordnótaí agus comharthaí corda a chumadh d'fhonn a thugtar | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 6** | Cuntra-shéis nó forshéis agus taca cordúil a chur le fonn a thugtar | (60 marc) |

**Ceist 4** **(60 marc)**


**Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí**

**Réamhobair**: Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mionghléas E, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | B<br>G<br>E | C<br>A<br>F♯ | D♯<br>B<br>G | | | | A<br>F♯<br>D♯ |
| Siombail an chorda | Em | F♯° | G⁺ | | | | D♯° |
| An uimhir Rómhánach | i | ii° | III⁺ | iv | V | VI | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Ag baint úsáid duit as na cordaí a thaispeántar, cum nótaí séise agus dordnótaí chun an dréacht a chríochnú sa stíl a thugtar.





Am F♯°/A B Em/G F♯°/A B7
5 6 7
Em C B Am Em/G
8 9 10
F♯°/A B B7 Em B
11 12 13
C B Am Em
14 15 16

**Ceist 5** **(60 marc)**


**Dordnótaí agus comharthaí corda a chumadh d'fhonn a thugtar**

**Réamhobair**: Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas A, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | E<br>C♯<br>A | | G♯<br>E<br>C♯ | | | | D<br>B<br>G♯ |
| Siombail an chorda | A | | C♯m | | | | G♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha i stíl na hoscailte a thugtar.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.





5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15
16

**Ceist 6** **(60 marc)**


**Cuntra-shéis nó forshéis agus taca cordúil a chur le fonn a thugtar**

**Réamhobair:** Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas D, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Cuir isteach comharthaí corda oiriúnacha sna boscaí atá ann dóibh.
- Lean le páirt na forshéise sa stíl a thugtar chun an dréacht a chríochnú.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.




5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15
16

**Obair bhreise**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ceol Cumadóireacht

Déardaoin 22 Meitheamh

Tráthnóna 3:15 - 4:45

2023. M53T

2023L067A5IL

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – ARDLEIBHÉAL**
**ÉISTEACHT – ÁBHAR ROGHNACH (100 marc)**
**DÉARDAOIN 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 5:00–5:45**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1–4 | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM. | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

- Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- Baileoidh an Feitheoir do thaifeadadh fuaime réamhullmhaithe don ábhar roghnach seo.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Freagair gach ceist.**

1. Luaigh an teideal ar do thopaic Roghnach Éisteachta.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. Liostaigh trí cinn de na foinsí a d'úsáid tú nuair a bhí staidéar á dhéanamh agat ar an topaic seo. Tá sonraí iomlána do chuid foinsí uile riachtanach. Má tá an t-idirlíon ar cheann de na foinsí agat, tabhair seoladh iomlán an tsuímh ghréasáin a d'úsáid tú le linn do thaighde.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. Ainmnigh cúig phíosa ceoil, chomh maith leis an gcumadóir nó leis an gceoltóir, a ndearna tú staidéar orthu mar chuid den ábhar roghnach seo agus atá ar an taifeadadh fuaime agat.

| Píosa | Cumadóir nó Ceoltóir |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |

4.(a) Sainaithin trí ghné shuntasacha ceoil den topaic atá roghnaithe agat.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(b) Tabhair cuntas ar do thopaic roghnaithe agus déan cinnte de

- go ndéanann tú cur síos ar na trí ghné cheoil atá sainaitheanta thuas agat
- go dtaispeánann tú conas atá na trí ghné atá roghnaithe agat, agus gnéithe ceoil eile, i láthair sa cheol a bhfuil staidéar déanta agat air don ábhar roghnach seo
- go dtagraíonn tú do na sleachta ceoil uile atá ar do thaifeadadh
- go gcuireann tú san áireamh an chaoi a ndeachaigh an topaic roghnaithe i bhfeidhm ort féin.

**Leathanach bán**

2023.M52T

2023L067A2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Ceol

## Éisteacht - Croíchúrsa

## Ardleibhéal

## Déardaoin 22 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre ar fail i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Cúig shliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Sainaithin dhá ghné den cheol sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(b)** Ainmnigh teicníc thaifeadta a úsáidtear sa sliocht seo. Déan cur síos ar an teicníc thaifeadta seo agus tú ag tagairt don cheol sa sliocht seo.

| Teicníc thaifeadta: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |

**(c)** Déan cur síos ar an gceol a sheinntear ar an bpianó sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Tá na liricí priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| | [B♭] [Gm] |
| Líne 1 | Mama, just killed a man, |
| Líne 2 | Put a **gun** against his head, pulled my trigger, now he’s dead. |
| Líne 3 | Mama, life had just begun, |
| Líne 4 | But now I’ve gone and thrown it all away. |

**(d)** Is é an corda a chloistear ag an bhfocal **gun** i líne 2 ná

- ☐ Cm
- ☐ F
- ☐ E♭

**(e)** Sainaithin an teicníc uirlise a sheinntear ar an dord-ghiotár ag deireadh líne 2 agus déan cur síos uirthi.

| Teicníc uirlise: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |

**Sliocht 3, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol i **Sliocht 3** agus an ceol i **Sliocht 4**.
Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht 1: | |
|---|---|
| Sliocht 3 | Sliocht 4 |
| | |
| | |
| | |
| | |

| Difríocht 2: | |
|---|---|
| Sliocht 3 | Sliocht 4 |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(g)** Sainaithin dhá ghné den cheol a chloistear ar an ngiotár sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Romeo and Juliet Fantasy Overture* le Tchaikovsky.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Ainmnigh an roinn den saothar as ar baineadh an sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(b)** Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

☐ téama an Ghrá

☐ téama an Achrainn

☐ téama Friar Lawrence

**(c)** (i) Sainaithin **dhá** ghné den cheol a chloistear sa sliocht seo.

☐ *tremolo*

☐ ainteafóine

☐ *pizzicato*

☐ canóin

(ii) Déan cur síos ar cheann amháin de na gnéithe a roghnaigh tú agus tú ag tagairt don cheol sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Déan cur síos ar shlí amháin a gcruthaíonn Tchaikovsky mothú na coimhlinte sa cheol a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(10 marc)**

Sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry, a sheinnfear trí huaire.

- Freagair na ceisteanna seo a leanas.

**(a)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Sainaithin gné amháin de cheol an 20ú haois a chloistear sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |

**(c)** Déan cur síos ar dhifríocht amháin idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a leanann díreach tar éis an cheoil sa sliocht seo in *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**(d)** Déan cur síos ar chóiriú an fhoinn *Si Beag, Sí Mór* in *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

Ná scríobh ar an leathanach seo


**Ceist 4** **(10 marc)**

Dhá shliocht as an gCantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

Tá breac-scór de na barraí 1–4 den sliocht priontáilte thíos.




**(a)** Cuir isteach na **ceithre** nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(b)** Déan cur síos ar ghné amháin den cheol Barócach sa sliocht seo.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |

**Sliocht 1 agus Sliocht 2 a sheinnfear uair amháin eile.**

**(c)** Déan cur síos ar chosúlacht amháin agus ar dhifríocht amháin idir an ceol i **Sliocht 1** agus an ceol i **Sliocht 2**. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Cosúlacht: |
| --- |
| |
| |
| |

| Difríocht: |
| --- |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach.** Freagair **A** agus **B**. Tabhair do d'aire go bhfuil rogha ceisteanna in **B**.

**A.** Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.**

**(a)** Ainmnigh an uirlis atá á seinm sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(b)** Dhá ghné den cheol sa sliocht seo ná (cuir tic le dhá cheann)

- ☐ ornáidiú
- ☐ an nóta deireanach athdhéanta
- ☐ 7ach maol
- ☐ scála mantach

**(c)** Bain úsáid as litreacha chun foirm an cheoil sa sliocht seo a scríobh síos.

| Freagra: |
|---|

**Sliocht 2.**

**(d)** Sainaithin an cineál fonn damhsa sa sliocht seo. Tabhair an t-amchomhartha agus barra rithime amháin a bhaineann leis.

| An cineál damhsa | An t-amchomhartha | Barra rithime |
|---|---|---|
| | | |

**(e)** Ainmnigh dhá uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**Sliocht 3.**

**(f)** Sainaithin dhá ghné den amhránaíocht ar an sean nós mar a chloistear sa sliocht seo í.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

**(g)** Déan cur síos ar dhá ghné den tionlacan uirlise a chloistear sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**B** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) Tabhair cuntas ar an méid a chuir an ceol Gaelach le ceol Mhéiriceá Thuaidh sa 19ú haois agus san 20ú haois.

(ii) Tabhair cuntas ar an bhfliúit nó ar an bhfeadóg i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann. Déan tagairt do stíleanna seanma agus do cheoltóirí cáiliúla i do fhreagra.

(iii) Tabhair cuntas ar an méid a chuir duine de na bailitheoirí móra le caomhnú cheol traidisiúnta na hÉireann.

(iv) Déan plé ar cheol cumadóra nó oirfidigh iomráitigh ina bhfuil cumasc de cheol traidisiúnta na hÉireann agus de stíl eile cheoil.

(v) Tabhair cuntas ar thraidisiún na hamhránaíochta ar an sean nós i gceol traidisiúnta na hÉireann. Déan tagairt do cheoltóirí cáiliúla i do fhreagra.

Cuir in iúl cén cheist a roghnaigh tú. (i) ☐ (ii) ☐ (iii) ☐ (iv) ☐ (v) ☐

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Lean le do fhreagra ar na leathanaigh 15–17. Tosaíonn Ceist 6 ar leathanach 18.*

**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta**

Tá an cheist seo bunaithe ar chúig shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Cé mhéad lánbharraí ceoil atá le cloisteáil san intreoir, sula dtagann an t-amhránaí isteach?

| 3 bharra | 4 bharra | 6 bharra |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

**(b)** Sainaithin gné amháin den cheol a sheinntear ar an bpianó sa sliocht oscailte seo.

| Gné: |
|---|
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

- Tá na liricí priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | I never thought I'd miss you |
| Líne 2 | Half as much as I do. |
| Líne 3 | And I never thought I'd feel this way |
| Líne 4 | The way I feel about you. |
| Líne 5 | As soon as I wake up, every night every day. |
| Líne 6 | I know that it's you I need to take the blues away. |

**(c)** Sainaithin dhá ghné den cheol gutha a chloistear sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|

| Gné 2: |
|---|

**(d)** Ainmnigh dhá uirlis (seachas an pianó) a chloistear sna línte 5–6.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**


**(e)** Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tséis ag tús an tsleachta seo.

| Uirlis: |
|---|


**(f)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.


| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |


**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór priontáilte thíos.**




**(g)** Is iad na nótaí atá ar iarraidh ag **X** ar an scór ná.

☐ 

☐ 

☐ 

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(h)** Roghnaigh saothar amháin as do shaothair dhualgais ina bhfuil an ceol is cosúla leis an gceol a chloistear sa sliocht seo. Tabhair cúis le do rogha.

| |
|---|
| Saothar dhualgais: |
| Cúis: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Tá trí nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ceol Éisteacht - Croíchúrsa

Déardaoin 22 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00